

Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre Chathair agus Chontae na Gaillimhe 2026 – 2030





Clár

Réamhráite ó Phríomhpháirtithe Leasmhara	02
Cuid 1: Fís an Nialais - Léargas Náisiúnta	08
Cuid 2: Próifíl Chathair agus Chontae na Gaillimhe	13
Cuid 3: Sonraí Staidrimh Náisiúnta agus Áitiúla	16
Cuid 4: Sábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile - Múnla Comhpháirtíochta	19
Cuid 5: Gníomhartha agus Spriocanna Sábháilteachta Bóthair	28
Cuid 6: Tionscnaimh Áitiúla	42
Cuid 7: Tosca Ratha Tábhachtacha agus Measúnú Plean	46

**Taobh thiar de gach
staitistic maidir le bás
agus gortú tromchúiseach
ar ár mbóithre tá daoine,
teaghlaigh agus pobail.**

Sam Waide, Príomhfheidhmeannach, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre



Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn thar shaolré na straitéisí sábháilteachta ar bhóithre roimhe seo. Ó seoladh an chéad Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre sa bhliain 1998, tá laghdú beagnach 70% ar bhásanna ar bhóithre. Ní bheifí in ann aon chuid den dul chun cinn sin a dhéanamh mura mbeadh ár bpríomhpháirtithe leasmhara ag obair lena chéile ar bhealach comhordaithe agus straitéiseach.

Glacfar leis seo, an cúigiú Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre in Éirinn, cur chuige bunathraithe agus bunaithe ar chomhpháirtíocht maidir le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn chun laghdú 50% a bhaint amach i mbásanna agus gortuithe tromchúiseacha faoi 2030. Is ceist uile-rialtais í an tsábháilteacht ar bhóithre agus teastaíonn freagairt uile-rialtais uathí. Chonaiceamar an chaoi ar achtaigh rialtais thar na blianta bearta trínar éirigh ár mbóithre níos sábháilte, idir chaitheamh éigeantach criosanna sábhála, an uasteorainn alcóil do thiománaithe a íslíú, pionóis a thabhairt isteach d'iompraíocht chontúirteach, bonneagar níos sábháilte agus forfheidhmiú spriocdhírthe. Sábháladh beatha daoine leis na bearta sin.

Tá Clár 2020 an Rialtais tiomanta do 'Fís an Nialais' a bhaint amach – is é sin gan aon bhásanna ná gortuithe tromchúiseacha ar an mbóthar – rud a bhainfimid amach faoi 2050. Caithfear an tiomantas seo a chomhlánú le gníomh, lena gcumasófar maoiniú, cuntasacht agus dea-rialachas. Go criticiúil, teastaíonn níos mó comhpháirtíochta agus comhoibrithe uainn chun sprioc uailmhianach Fhís an Nialais a bhaint amach. Ní mana amháin atá i bhFís an Nialais sa tsábháilteacht ar bhóithre. Is tiomantas suntasach é deireadh a chur le gach bás agus gortú tromchúiseach ar na bóithre. Soláthrófar Fís an Nialais trí chur chuige an Chórais Shábháilte a leabú inár bpolasaí agus inár gcleachtas náisiúnta sábháilteachta ar bhóithre.

Aithnítear i gcur chuige an Chórais Shábháilte nach féidir deireadh a chur leis an earráid dhaonna, cé gur féidir le hoideachas agus oiliúint sábháilteachta ar bhóithre líon na n-imbhuailtí bóthair a laghdú. Tá sé mar aidhm aige an dóchúlacht go dtarlódh imbhuailtí a laghdú, agus a chinntiú má tharlaíonn imbhuailtí nach marófar ná nach ngortófar go dona na húsáideoirí bóthair lena mbaineann. Is iad seo a leanas na seacht réimse idirghabhála i gcur chuige an Chórais Shábháilte seo:

1. Bóithre agus Taobhanna Bóithre Sábháilte
2. Luasanna Sábháilte
3. Feithiclí Sábháilte
4. Úsáid Shábháilte Bóithre
5. Freagairt Iarthimpiste
6. Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla
7. Úsáid shábháilte bóithre a bhaineann le hobair

Is leis na réimsí idirghabhála seo a stiúrfar raon feidhme ár gcuid oibre, agus beidh gníomhaíochtaí faoi gach ceann de na ceannteidil seo mar chuid de gach plan gníomhaíochta. Is le cur chun feidhme na seacht réimse idirghabhála tosaíochta seo de chur chuige an Chórais Shábháilte atáimid ag soláthar an dea-chleachtais idirnáisiúnta. Tá ról lárnach ag an bpobal maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach.

Chun básanna nó gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a chosc, ní mór dúinn leanúint de dhul i ngleic leis an tsábháilteacht ar bhóithre go straitéiseach agus i gcomhar a chéile. Beidh sé dúshlánach, ach is féidir é a bhaint amach le hinfheistíocht agus le tacaíocht ó na leibhéil cheannaireachta is airde, chuig leibhéal an phobail áitiúil.

Is féidir básanna ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú 50% sna deich mbliana amach romhainn. Táimid in ann Fís an Nialais faoi 2050 a bhaint amach. Is féidir linn é a dhéanamh. I bhfianaise na hoibre atá déanta againn maidir le sábháilteacht ar bhóithre go dtí seo, níl aon sprioc ann a bheadh ró-uaimhianach dúinn. Is é an túsphointe ná a aithint nár cheart go mbeadh básanna ar bhóithre nó gortuithe tromchúiseacha mar phraghas le híoc as ár soghluaisteacht.

Leonard Cleary, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Nuair a smaoinímid ar shábháilteacht ar bhóithre, baineann sé do go leor daoine le tiomáint go cúramach, le moilliú, leis an deis atá againn rothaíocht a dhéanamh go sábháilte chun na scoile nó chun na hoibre agus le bheith cúramach le daoine eile a roinneann na bóithre linn. Do dhaoine eile sa phobal seo againn, is meabhrúchán brónach é sábháilteacht ar bhóithre ar dhuine atá gar dóibh a cailleadh, nuair a athraíodh a saol ó bhonn mar gheall ar eachtra nár mhair ach soicind, rud a d'fhéadfaí agus ba cheart a sheachaint. Baineann sábháilteacht ar bhóithre le gach duine, gach lá.

Tríd an straitéis chomhpháirteach seo maidir le sábháilteacht ar bhóithre a fhoilsiú, leagtar

amach an tiomantas ó Chomhairle Cathrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar lenár bpríomhpháirtithe leasmhara chun ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir. Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, tuigim go maith go bhfuil gá le bonneagar inbhuanaithe agus sábháilte a rachaidh chun tairbhe do gach saoránach agus turasóirí na cathrach.

Tagraíonn Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe (2023-2029) do mhodhanna feabhsaithe iompair phoiblí, soghluaisteacht inbhuanaithe agus infheistíocht shuntasach i dtionscadail taistil ghníomhaigh a fhreastalóidh ar ár gcathair atá ag fás. Tógfar na hinfheistíochtaí agus na hathruithe seo ar ár gcathair ar líonra inrochtana de roghanna iompair phoiblí mar aon le bóithre agus rotharbhealaí feabhsaithe agus níos sábháilte.

Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáilte roimh an gcuispóir 'Fís an Nialais' agus tá sí tiomanta oibriú go dlúth lenár gcomhpháirtithe i sábháilteacht ar bhóithre chun é seo a bhaint amach. Tá áthas orm a fheiceáil go bhfuil cur chuige an Chórais Shábháilte, atá leagtha amach sa straitéis seo, ag teacht le go leor dár spriocanna forbartha féin agus go mbeidh sé mar aidhm aige muid a choinneáil dírithe ar sheachadadh.

Tá freagracht orainn ar fad ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do bheith ag obair ar son agus le muintir Chathair agus Chontae na Gaillimhe chun sábháilteacht a fheabhsú, ionas go mothaíonn agus go bhfuil gach úsáideoir bóithre sábháilte.

An Clr Helen Ogbu, Méara Chathair na Gaillimhe

Is rud í sábháilteacht ar bhóithre a théann i bhfeidhm ar gach duine againn inár saol laethúil. Cibé an bhfuilimid ag tiomáint, ag siúl nó ag rothaíocht, tá freagracht orainn go léir as ár mbóithre a úsáid ar bhealach a choinníonn muid féin agus daoine eile sábháilte.

Mar Mhéara, tuigim go maith an tionchar uafásach a d'fhéadfadh a bheith ag imbhuailtí bóithre ar theaghlaigh agus ar phobail ar fud na Gaillimhe. Gortú tromchúiseach nó bás amháin fiú ar na bóithre, tá sé iomarcach, agus taobh thiar de gach staitistic tá scéal a bhaineann le fiordhuine.

Teastaíonn comhiarracht chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Tá comhoibriú láidir idir údaráis áitiúla, An Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ár gcomhpháirtithe níos leithne, mar aon le gníomhaíochtaí úsáideoirí bóithre aonair, riachtanach má táimid chun dul chun cinn fiúntach a dhéanamh.

Tacaíonn Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre Chathair agus Chontae na Gaillimhe 2026–2030 leis an uailmhian náisiúnta ‘Fís an Nialais’ chun deireadh a chur le básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre.

Tacaím go hiomlán leis an bplean seo agus molaim do gach úsáideoir bóithre moilliú, fanacht ar an airdeall agus meas a léiriú dá chéile ionas go mbeidh ár mbóithre níos sábháilte do gach duine.

Liam Conneally, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae na Gaillimhe

Is rud í sábháilteacht ar bhóithre a théann i bhfeidhm orainn ar fad inár saol laethúil. Tá freagracht phearsanta orainn go léir tiomáint, siúl agus rothaíocht a dhéanamh ar bhealach a choinníonn slán muid agus a bheith aireach gur féidir lenár n-iompraíocht dochar a dhéanamh d’úsáideoirí bóithre eile. Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, táim tiomanta do ghréasán iompair atá sábháilte agus inbhuanaithe a fhorbairt sa Chontae chun líon na n-imbhuailtí ar ár mbóithre a laghdú.

Tá 6,975 km ar an ngréasán bóithre a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe i gceannas air. Is é an príomhspríoc atá againn ná sábháilteacht gach úsáideoir bóithre a chinntiú. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, tá gá le comhiarracht, le comhoibriú ó pháirtithe leasmhara éagsúla cosúil leis An Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bonneagar Iompair Éireann, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus Comhairlí Chontae agus Cathrach na Gaillimhe.

Tá sé mar aidhm ag Straitéis na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 ‘Fís an Nialais’ a bhaint amach, a bhfuil sé mar aidhm aige deireadh a chur le básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre faoi 2050. Chun an sprioc uailmhianach seo a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach tiomantas gan staonadh a bheith ann ar fud gach gné, ag cuimsiú modhanna iompair níos sábháilte, bonneagar bóithre feabhsaithe, oideachas feabhsaithe maidir le húsáid bóithre, freagairt leighis níos fearr agus cúram iarthimpiste, bearta sábháilteachta feabhsaithe, agus forghníomhú níos déine ar dhlíthe tráchta, lena n-áirítear laghdú luais, úsáid criosanna sábhála, seachráin a íoslaghdú, agus dul i ngleic le tiomáint faoi thionchar dí.

Tá Straitéis Gníomhaíochta Sábháilteachta Bóthair Chathair agus Chontae na Gaillimhe 2025-2030 tiomanta do na cuspóirí seo a bhaint amach chun líon na mbásanna agus na ngortuithe

tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú go suntasach. Iarraim ar úsáideoirí bóithre moilliú agus a bheith aireach ar úsáideoirí eile bóithre.

Liam Conneally,
Príomhfheidhmeannach

An Clr Andrew Reddington, Cathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe

Cuirim fáilte roimh an Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre do Chomhairle Cathrach agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2025-2030.

Bainimid go léir úsáid as na bóithre. Mar thiománaithe nó paisinéirí, coisithe, rothaithe, nó úsáideoirí iompair phoiblí, bíonn tionchar ag sábháilteacht ar bhóithre orainn go léir. Is mór an aiféala gach bás nó gortú tromchúiseach agus bíonn tionchar uafásach acu ar shaol daoine aonair, cairde, teaghlaigh agus pobail. Ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh fanacht dírithe ar an leibhéal sábháilteachta ar bhóithre i nGaillimh a fheabhsú.

Tá Gaillimh ag fás go tapa agus tá an daonra ag méadú agus ba mhaith linn áit a chruthú ina mbeidh deis ag daoine bogadh go sábháilte timpeall an chontae agus na cathrach.

Tá forbairt bóithre níos sábháilte, mar chuid dár bhfís níos leithne chun an gréasán iompair a fheabhsú, ríthábhachtach chun rochtain chuimsitheach ar oideachas, oiliúint, poist agus seirbhísí tábhachtacha eile a fheabhsú. Tá ról ag gach páirtí leasmhar i sábháilteacht ar bhóithre chun a chinntiú go mothaíonn gach duine sábháilte ag taisteal, ach tá freagracht orainn ar fad taisteal go freagrach agus go sábháilte.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine as an Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2026-2030 seo a chur le chéile do Chathair agus Chontae na Gaillimhe.

An tArd-Cheannfort Gerard Roche, An Garda Síochána, Rannán na Gaillimhe

Leagann Plean Straitéiseach 2026–2028 don Gharda Síochána béim ar ár misean chun “Daoine a Choinneáil Sábháilte”. Tá sé mar aidhm ag tosaíocht straitéiseach “Pobail Níos Sábháilte agus Bóithre Níos Sábháilte” timpistí bóthair marfacha agus tromchúiseacha a laghdú.

Feabhsófar sábháilteacht ar bhóithre trí chomhpháirtíochtaí tiomanta oibre le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear Comhairle Cathrach na Gaillimhe; Comhairle Chontae na Gaillimhe; an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre; agus Bonneagar Iompair Éireann.

Leanfaidh an Garda Síochána le gníomhaíocht forfheidhmithe spriocdhírithe ar fud Chathair agus Chontae na Gaillimhe, agus díreofar go sonrach ar iompraíocht agus dearcthaí tiománaithe a fheabhsú trí oideachas agus trí fheachtais feasachta sna meáin. Oibreoimid i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ar fad chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna tráchta, feachtais sábháilteachta ar bhóithre agus tionscnaimh soghluaisteachta inbhuanaithe.

Tá sé de chúram ar Aonad Roinne Póilínithe Bóithre reachtaíocht um Thrácht ar Bhóithre a chur i bhfeidhm, agus tacóidh gach ball den Gharda Síochána le “Daoine a Choinneáil Sábháilte”. Leanfaidh an ghníomhaíocht phleanáilte ag díriú ar na Cionta Tarrthála seo a leanas, a chuireann go mór le líon na dtimpistí marfacha agus tromchúiseacha:

- Seicphointí Tástála éigeantacha (Alcól agus Drugaí).
- Cionta a bhaineann le bheith ag tiomáint róthapa.
- Cionta a bhaineann le gutháin phóca/a bheith ag tiomáint ar seachrán.
- Cionta a bhaineann le criosanna sábhála.

Leanfaidh an Garda Síochána le soláthar an oideachais tríd “An Tionscadal Tarrthála” a chur ar fáil do dhaltaí na hidirbhliana i scoileanna dara leibhéal ar fud na Gaillimhe. Is cur i láthair crua agus réalaíoch é seo maidir le sábháilteacht ar bhóithre a thugann teachtaireacht láidir sábháilteachta ar bhóithre agus a leagann béim ar an tionchar uafásach a bhíonn ag timpistí bóthair ar shaol daoine.

Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre Chathair agus Chontae na Gaillimhe 2026 – 2030.

Ard-Cheannfort Gerard Roche
An Garda Síochána
Rannán na Gaillimhe.


Cuid 1: Fís an Nialais - Léargas Náisiúnta

Is gluaiseacht dhomhanda í 'Fís an Nialais' chun deireadh a chur le básanna agus gortuithe tromchúiseacha a bhaineann le trácht trí chur chuige córasach a ghlacadh maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Is é bunphrionsabal na straitéise seo ná go bhfuil básanna agus gortuithe ar bhóithre do-ghlactha agus inchoiscthe.

Cuireadh i bhfeidhm é den chéad uair mar pholasaí bóithre náisiúnta sa tSualainn in 1997, agus tá níos mó ná 20 cathair ar fud an domhain páirteach i bhFís an Nialais anois.

Ar bhonn náisiúnta, tá Fís an Nialais mar bhonn faoi Straitéis na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre is déanaí (2021-2030), a bhfuil sé mar sprioc fhadtéarmach aici gan aon bhásanna nó gortuithe tromchúiseacha ar na bóithre a bhaint amach faoi 2050. Tá Cur Chuige an Chórais Shábháilte rithábhachtach chun é seo a bhaint amach, agus cuspóirí eile sa ghearrthéarma, modheolaíocht a bhaineann freagracht ó na daoine a úsáideann bóithre agus a chuireann ar na daoine a dhear iad é, ag comhtháthú croí-réimsí bainistíochta agus gníomhaíochta chun córas soghluaisteachta sábháilte a chruthú a ligeann spás don earráid dhaonna.

Turas i dtreo Fhís an Nialais:



1.1 Straitéis na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030

Tá sé mar aidhm ag an gcúigiú Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030, a seoladh i mí na Nollag 2021, cur leis an dul chun cinn agus an tuiscint a chuirtear ar fáil sna chéad cheithre straitéis, agus é mar chuspóir aige sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú.

Is é príomhaidhm straitéis nua an rialtais maidir le sábháilteacht ar bhóithre líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann a laghdú 50% faoi 2030.

Ciallaíonn sé seo básanna ar bhóithre na hÉireann a laghdú gach bliain ó 144 go 72 nó níos ísle agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú ó 1,259 go 630 nó níos ísle faoi 2030. Is í Fís an Nialais, sprioc fhadtéarmach na hÉireann gan aon bhásanna nó gortuithe tromchúiseacha ar na bóithre a bhaint amach faoi 2050, a threoraíonn an straitéis seo. Forbraíodh an straitéis trí rannpháirtíocht fhairsing leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Fuarthas breis agus 2,000 aighneacht ón bpobal mar chuid den chomhairliúchán náisiúnta poiblí agus chabhraigh aighneachtaí an phobail maidir le todhchaí na sábháilteachta ar bhóithre le forbairt na straitéise náisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre a threorú.

Cuirfear an Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2021-2030 i gcrích i dtrí chéim mar seo a leanas:

- Plean Gníomhaíochta Chéim 1: 2021-2024
- Plean Gníomhaíochta Chéim 2: 2025-2027
- Plean Gníomhaíochta Chéim 3: 2028-2030

Bhí Céim 1 ar siúl ó 2021 go 2024 agus thacaigh infheistíocht réamh-mheasta €3.8bn leis agus bhí 50 gníomh ardtionchair agus 136 gníomh tacaíochta mar chuid de. Bhí údaráis áitiúla agus leanann siad de bheith mar phríomhghníomhaireacht nó gníomhaireacht tacaíochta do roinnt de na gníomhartha seo.

1.2 Cur Chuige an Chórais Shábháilte

Tá an Straitéis Náisiúnta Sábháilteachta ar Bhóithre á stiúradh ag cur chuige an Chórais Shábháilte, a mheastar mar dhea-chleachtas domhanda maidir le straitéisí sábháilteachta ar bhóithre a sheachadadh. Glacann fealsúnacht an Chórais Sábháilte le tuiscint níos leithne ar thimpistí bóthair, ag aithint go ndéanann daoine botúin, go gcaithfear a n-earráidí a réamh-mheas agus an baol go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha ag baint leis na hearráidí seo a íoslaghdú.

Dá bhrí sin, ní ar úsáideoirí bóithre amháin a chuirtear an fhreagracht as básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú ach roinntear iad le gach duine a bhfuil baint acu le sábháilteacht ar bhóithre, is iad sin, táirgeoirí feithiclí agus iad siúd a bhíonn ag forbairt bonneagair. Is í an tuairim bhunúsach ná nach bhfuil sé inghlactha básanna a fhulaingt mar gheall ar an tsoghluaisteacht a theastaíonn ón tsochaí. Tá cur chuige an Chórais Shábháilte maidir le sábháilteacht ar bhóithre bunaithe ar roinnt príomhphrionsabal:

- Iompar Daoine - is cuma cé chomh hoilte agus cé chomh heolach agus atáimid ar úsáid fhreagrach bóithre, déanann daoine botúin, agus ní mór don chóras iompair bóthair freastal air sin.
- Laige an Duine - is breithniú ar dhearadh croíchórais é cumas teoranta an choirp fórsa fisiceach a sheasamh sula bhféadfar a bheith ag súil le gortú tromchúiseach nó bás.
- Córais Mhaiteacha - ní mór do na bóithre a mbímid ag taisteal orthu, feithiclí a mbímid ag taisteal iontu, luasanna a mbímid ag taisteal orthu agus dearcadh úsáideoirí bóithre ar a chéile, a bheith níos maití d'earráid dhaonna.

Aithníodh réimsí tosaíochta córais a bheidh mar chroílár na straitéise le linn thréimhse na straitéise, mar a leanas:

**Bóithre agus Taobhanna
Bóithre Sábháilte**

**Luasanna
Sábháilte**

**Feithiclí
Sábháilte**

**Úsáid Shábháilte
Bóithre**

**Freagairt
Iarthimpiste**

**Modhanna Taistil
Sábháilte agus Sláintiúla**

**Úsáid shábháilte bóithre
a bhaineann le hobair**

1. Bóithre agus Taobhanna Bóithre Sábháilte

Feabhas a chur ar chaighdeán cosanta ár mbóithre agus ár mbonneagar - Is éard atá i gceist le bóithre agus taobhanna bóithre sábháilte ná pleanáil, dearadh agus oibriú bóithre agus taobhanna bóithre agus cuireann sé creat ar fáil le haghaidh úsáid shábháilte bóithre agus feithiclí.

2. Luasanna Sábháilte

Luasanna a laghdú go leibhéil shábháilte oiriúnacha do na bóithre atá á n-úsáid, agus do na húsáideoirí bóithre a úsáideann iad - Is gné lárnach de chur chuige an Chórais Shábháilte é luasanna sábháilte. Is éard atá i gceist leis ná pleanáil agus dearadh bóithre agus feithiclí a bhreithniú, luasteorainneacha a íoslaghdaíonn gortuithe a shocrú, chomh maith le hoideachas agus feasacht phoiblí, agus na luasteorainneacha sin a chur i bhfeidhm.

3. Feithiclí Sábháilte

Feabhas a chur ar ghnéithe sábháilteachta agus ródacmhainneacht feithiclí ar ár mbóithre - Tugann gné feithiclí sábháilte chur chuige an Chórais Shábháilte aghaidh ar shábháilteacht úsáideoirí bóithre laistigh agus lasmuigh den fheithicil trí chaighdeáin reachtacha, eolas do thomhaltóirí, soláthar poiblí agus tionscnaimh tionscail.

4. Úsáid Shábháilte Bóithre

Caighdeáin agus iompraíochtaí úsáideoirí bóithre a fheabhsú i gcomhréir leis an reachtaíocht tráchta, le tacaíocht ón chur i bhfeidhm - Cuirtear san áireamh le húsáid shábháilte bóithre raon leathan iompraíochtaí sábháilteachta amhail comhlíonadh na luasteorainneacha postáilte, tiomáint gan lagú (mar gheall ar alcól, drugaí, tuirse nó a bheith ar seachrán), caitheamh clogad, caitheamh criosanna sábhála agus úsáid cheart srianta leanaí.

5. Freagairt Iarthimpiste

Cóireáil agus athshlánú a fheabhsú do dhaoine a gortaíodh i dtimpiste - Baineann freagairt iarthimpiste le tarrtháil, cóireáil agus athshlánú daoine a thagann slán as imbhualtí tráchta bóthair agus tá sé mar aidhm aige déine agus iarmhairtí gortuithe a laghdú má tharlaíonn timpiste.

6. Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla

Úsáideoirí bóithre a bhíonn ag baint úsáid as iompar poiblí agus iompar gníomhach a chur chun cinn agus a chosaint - Aithnítear i modhanna taistil atá sábháilte agus sláintiúil go bhfuil difríocht shuntasach ann i rioscaí marfacha agus tromchúiseacha i measc modhanna éagsúla taistil. Is éard atá i gceist leis ná na modhanna níos sábháilte (m.sh. iompar poiblí) a chur chun cinn agus timpeallachtaí sábháilte bóithre a chur chun cinn agus a chur ar fáil do mhodhanna atá sláintiúil agus gníomhach. Áirítear leis seo siúl agus rothaíocht, mar go mbíonn na rioscaí má tharlaíonn timpiste níos tromchúisí ná mar a bhíonn d'úsáideoirí bóithre faoi chosaint ina bhfeithicil.

7. Úsáid shábháilte bóithre a bhaineann le hobair

Feabhas a chur ar bhainistíocht sábháilteachta turas a bhaineann leis an obair - Is éard atá i gceist le húsáid shábháilte bóthair a bhaineann le hobair ná bainistiú sábháilteachta córasach pleanáilte ar thurais oibre ar na bóithre, arb é is aidhm dó an baol báis agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú.

Ar an iomlán, tá 50 Gníomh Ardtionchair agus 136 Gníomh Tacaíochta san iomlán san áireamh i Straitéis na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. Déanfar iad seo a athbhreithniú agus a uasdátú le gach céim den straitéis is infheidhme suas go dtí 2030 agus an bhliain sin san áireamh.

Leagann cur chuige an Chórais Shábháilte thuas béim ar an ngá atá le díriú ar gach gné den chóras tráchta bóthair chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú go rathúil do chách. Trí oibriú lena chéile, déanfaimid na bóithre níos sábháilte do chách.

Cuid 2: Próifíl Chathair agus Chontae na Gaillimhe



Grianghraf: Ollamh Chaosheng Zhang

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta bóithre níos sábháilte a chruthú do gach uile dhuine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar ár réigiún. Leagtar amach i gComh-Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2026-2030 cur chuige comhordaithe fianaisebhunaithe chun an líon daoine a mharaítear agus a ghortaítear go dona ar ár mbóithre a laghdú sna cúig bliana amach romhainn. Tá an straitéis ag teacht go huile agus go hiomlán le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 an Rialtais agus cuimsítear an prionsabal Fís Nialais inti; is é sin nach féidir glacadh le haon bhás ar ár mbóithre.

Tá áit ar leith ag Gaillimh ar chósta iarthar na hÉireann, ina bhfuil cathair bheag bhríomhar agus contae fairsing tuaithe a shíneann ó Chuan na Gaillimhe go dtí tailte arda Chonamara agus tailte feirme oirthear na Gaillimhe. Tá na héagsúlachtaí sin le feiceáil inár líonra bóithre, ceann de na líonraí is éagsúla sa tír.

Gréasán Bóithre Casta agus Fairsing

Tá na mílte ciliméadar de bhóithre i ngréasán iomlán bóithre Chathair agus Chontae na Gaillimhe agus cuimsítear leis:

- Mótarbhealaí agus príomhbhóithre náisiúnta, lena n-áirítear acomhal an M6/an M17/ an M18 a nascann Gaillimh le Baile Átha Cliath, le Sligeach, le Luimneach agus leis an ngréasán náisiúnta níos leithne.

- Bóithre náisiúnta den dara grád agus bóithre réigiúnacha a fhónann do bhailte amhail Tuaim, Béal Átha na Sluaighe, Baile Locha Riach, an Clochán agus Órán Mór.
- Bóithre áitiúla agus tuaithe, go leor acu caol, casta, agus a bhfuil fála sceach agus ballaí cloiche ar gach aon taobh díobh, a smaoiníonn daoine orthu nuair a luaitear tírdhreacha na Gaillimhe.
- Bóithre uirbeacha i gCathair na Gaillimhe, ó bhealaí artaireacha ar a mbíonn trácht an-trom go sráideanna meánaoiseacha cúnga i lár na cathrach, roinnte ag coisithe, rothaithe, busanna agus feithiclí príobháideacha

Tá dúshláin sábháilteachta ar leith ag baint leis an éagsúlacht sin. Ní mar a chéile na hidirghabhálacha a theastaíonn i leith bóithre tuaithe ardluais agus na n-idirghabhálacha a theastaíonn i leith aomhail uirbeacha plúchta; bíonn gá bealaí turasóireachta le cósta a mheas ar bhealaí difriúla le hais na mbealaí a mheastar criosanna scoile fo-uirbeacha.

Daonra Úsáideoirí Bóthair Iléagsúil agus atá ag Fás

Tá bóithre na Gaillimhe níos gnóthaí ná riamh, ag freastal ar dhaonra tiománaithe atá ag éirí níos iléagsúla:

- Comaitéirí ag taisteal gach lá idir ceantair chónaithe sa gcontae agus ionaid fostaíochta sa gcathair agus i mbailte eile.
- Mic léinn ag freastal ar Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, agus go leor scoileanna ar fud an réigiúin
- Teaghlaigh ag tabhairt gasúir go dtí an scoil, go dtí gníomhaíochtaí iarscoile, agus ag déanamh teachtaireachtaí gach lá ar bhóithre a roinntear le feithiclí earraí troma agus le hinnealra talmhaíochta
- Turasóirí, a dtagann méadú mór ar a líon gach samhradh. Téitear trí Ghaillimh le dul chuig Slí an Atlantaigh Fhiáin, Páirc Náisiúnta Chonamara, Oileáin Árann, agus Boirinn. Cuireann cuairteoirí go mór leis an méid tráchta shéasúraigh a bhíonn ar an ngréasán bóithre, go háirithe ar bhealaí tuaithe agus cósta.

Chuir fás daonra, úinéireacht mhéadaithe carranna, agus ról na Gaillimhe mar cheann scríbe príomhchathrach réigiúnaí agus turasóireachta leis an méid tráchta a bhí ag dul i méid. Ós rud é go bhfuil níos mó feithiclí ar an mbóthar, tá an riachtanas sábháilteacht a fheabhsú ag éirí níos práinní.

Ailíniú Straitéiseach

Ní oibríonn an Straitéis seo aisti féin. Déantar eolas don straitéis agus cuireann sí le:

- Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 an Rialtais, lena leagtar spriocanna náisiúnta amach chun an líon daoine a mharaítear agus a ghortaítear go dona ar na bóithre a laghdú 50%.
- Fís Nialais, an creat a aithnítear go hidirnáisiúnta lena gcaitear le gach bás ar bhóithre mar bhás inchoiscithe agus lena n-iarrtar cur chuige córas sábháilte maidir le dearadh bóithre, bainistiú luais, caighdeán feithiclí, agus freagairt i ndiaidh imbhualte
- Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae atá lárnach d'oibriú agus do sholáthar seirbhíse Chomhairle Cathrach agus Chomhairle Contae na Gaillimhe.

Trí ghníomhaíocht áitiúil a ailíniú le cuspóirí náisiúnta, beidh Cathair agus Contae na Gaillimhe in ann leas a bhaint as dea-chleachtas, beidh teacht ar shruthanna maoinithe, agus beifear in ann cur le dul chun cinn foriomlán na hÉireann i dtreo bóithre níos sábháilte.

Ár nGealltanais

Feadh shaolré na Straitéise seo, oibreoidh Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae na Gaillimhe leis an nGarda Síochána, leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, le Bonneagar Iompair Éireann, leis an Roinn Iompair, agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chomh maith le grúpaí pobail, scoileanna agus úsáideoirí bóithre iad féin chun:

1. Líon na n-imbhuailtí marfacha agus na n-imbhuailtí a thugann gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú
2. Bonneagar níos sábháilte a chruthú trí fheabhsuithe innealtóireachta spriocdhírthe
3. Cultúr d'úsáid fhreagrach bóithre a chur chun cinn trí oideachas agus rannpháirtíocht
4. Dlí an tráchta ar bhóithre a fhorfheidhmiú go cothrom agus go héifeachtach
5. Feabhas a chur ar ár dtuiscint ar na cúiseanna a dtarlaíonn imbhualte trí shonraí a bhailiú agus trí anailís a dhéanamh ar bhealach níos fearr

Ba chóir go mbainfeadh gach duine a thugann faoi thuras i nGaillimh a cheann scríbe amach go slán sábháilte, bíodh an turas sin ina chomaitéireacht laethúil, ina thuras teaghlaigh, nó ina chéad turas ag turasóir feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Is í an Straitéis seo ár dtreochlár chun an t-ionchas sin a thabhairt chun fáil.



Scoil Náisiúnta Bhéal Chláir


Cuid 3: Sonraí Staidrimh Náisiúnta agus Áitiúla Treochtaí Staidrimh Áitiúla

Básanna agus gortuithe tromchúiseacha: Gaillimh

VISION
ZERO

RSA

2021-2025



Idir 2021 agus 2025, bhásaigh 51 agus gortaíodh 360 duine go tromchúiseach i nGaillimh. Is ionann an 51 bás seo agus 6% de bhásanna iomlána sa tréimhse seo.


Is ionann an 360 úsáideoir bóthair sin ar bhain gortuithe tromchúiseacha dóibh agus 4% de gach gortú tromchúiseach sa tréimhse seo.

VISION
ZERO

RSA

Próifíl Úsáideoirí Bóthair (n=411)

Maraíthe nó Gortaithe go Tromchúiseach (KSI) i nGaillimh 2021-2025



As an 411 úsáideoir bóthair a maraíodh agus a gortaíodh go tromchúiseach (KSI), ba thiománaithe os cionn trian díobh (37%), agus ba phaisinéirí agus coisithe níos lú ná an cúigiú díobh (18%).

Básanna agus gortuithe tromchúiseacha i nGaillimh de réir Údaráis Áitiúil agus Úsáideora Bóthair 2021-2025

VISION
ZERO



Údarás Áitiúil	2021	2022	2023	2024	2025	Iomlán
Ní fios faoi láthair	0	1	0	0	1	2
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	15	20	31	22	26	114
Comhairle Chontae na Gaillimhe	64	48	65	60	58	295
Iomlán	79	69	96	82	85	411

Cineál Úsáideora Bóthair	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Comhairle Chontae na Gaillimhe	Ní fios	Iomlán
Tiománaí	23	130	1	154
Paisinéir	15	61	0	76
Gluaisrothaí	11	33	0	44
Rothaí	23	34	0	57
Coisí	36	37	1	74
Úsáideoir scútair leictreach	6	0	0	6
Iomlán	114	295	2	411

Tábla 1 : As an 411 KSI ar fad i nGaillimh, tharla 295 díobh i gCeantar Údaráis Áitiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tharla 114 díobh i gCeantar Údaráis Áitiúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Maidir le 2 KSI, níl an Ceantar Údaráis Áitiúil atá i gceist ar eolas faoi láthair.



Tábla 2: As na KSIanna ar fad i gComhairle Cathrach na Gaillimhe, ba choisithe iad 36 díobh. Ba thiománaithe a bhí i gceist le 23 KSI agus ba rothaithe iad 23 KSI eile. As an 295 KSI i gComhairle Chontae na Gaillimhe, ba thiománaithe iad 130 díobh agus ba phaisinéirí iad 61 díobh.

Próifíl Aoise agus Inscne (n=411)

VISION
ZERO





Maraíthe nó Gortaithe go Tromchúiseach (KSI) i nGaillimh 2021-2025



As an 411 úsáideoir bóthair a maraíodh agus a gortaíodh go tromchúiseach (KSI), idir 16-25 bliana d'aois a bhí os cionn cúigiú díobh (21%). B'fhir a bhí i mbeagnach dhá thrian díobh (65%) agus mná a bhí sa 35% a bhí fágtha.

Am den lá (n=411)



Maraithe nó Gortaithe go Tromchúiseach (KSI) i nGaillimh 2021-2025



As an 411 úsáideoir bóthair a maraíodh agus a gortaíodh go tromchúiseach (KS), idir 12pm agus 4pm a gortaíodh 28% díobh agus idir 4pm agus 8pm gortaíodh 26% díobh.

Teorainn luais an bhóthair (n=411)

Maraithe nó Gortaithe go Tromchúiseach (KSI) i nGaillimh 2021-2025



As an 411 úsáideoir bóthair a maraíodh agus a gortaíodh go tromchúiseach (KSI), ar bhóthar a raibh teorainn luais 80km/u nó níos mó aige a tharla os cionn leath de na gortuithe (55%).

Cuid 4: Sábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile - Múnla Comhpháirtíochta

Oibríonn roinnt páirtithe leasmhara le chéile i gCathair agus i gContae na Gaillimhe chun ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir. Ó na chéad fhreagróirí cosúil leis na Gardaí, Otharcharranna agus Criúnna Dóiteáin go tionscnaimh, ó bhonneagar an réimse phoiblí agus bóithre a fheabhsú go dtí tionscadail oideachais agus feasachta a chur ar fáil sna scoileanna.

- » Údaráis Áitiúla
- » An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- » Bonneagar Iompair Éireann
- » An Garda Síochána
- » FSS an Iarthair
- » An tSeirbhís Dóiteáin
- » Gach úsáideoir bóthair i nGaillimh



Ar gcúl (ó chlé go deas) = Lorraine Farrell (Oifigeach Taistil na Scoileanna Glasa, An Taisce), Deirdre Caulfield (Oifigeach Foirne/ Oifigeach um Sábháilteacht ar Bhóithre, Chomhairle Chontae na Gaillimhe), Conrad Harley (Innealtóir Sinsearach, Chomhairle Chontae na Gaillimhe), An Cigire Adrian Queeney (An Garda Síochána), Geraldine Byrne (Oifigeach Riaracháin, Chomhairle Chontae na Gaillimhe), Uinsinn Finn (Stiúrthóir Seirbhísí, Chomhairle Chontae na Gaillimhe)

Chun tosaigh (ó chlé go deas) = Francis McEvoy (Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, Chomhairle Cathrach na Gaillimhe), Regina Staunton (Oifigeach um Chur Chun Cinn na Sábháilteacht ar Bhóithre, Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre), Martin Kenny (Oifigeach Riaracháin, Chomhairle Cathrach na Gaillimhe), Angela McCormack (Innealtóir um Shábháilteacht ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Oifig Tacaíochta na Roinne Iompair).

Baill Coiste nach bhfuil sa ghrianghraf:

Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Comhairleoir Micheál Ó Conghaile (Comhalta Tofa), Tom Prendergast (Innealtóir Sinsearach), Féidhlim McGillycuddy (Innealtóir Feidhmiúcháin), Eamonn Lydon (Innealtóir Feidhmiúcháin).

Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Patrick Greene (Stiúrthóir Seirbhísí), Pádraic Mac Giolla Bhríde (Innealtóir Sinsearach Gníomhach)

Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

Angela Haran (Oifigeach na Gaillimhe um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre), Fionnual Daniels (Oifigeach um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre Réigiúnacha)

An Gárda Síochána

An Ceannfort Ollie Baker, An Ceannfort Pádraic Burke, An Ceannfort Finbarr Philpott

Bonneagar Iompair Éireann

Philip Durkin (Innealtóir um Shábháilteacht ar Bhóithre Réigiúnacha)

Án Taisce

Siobhán Kennedy (Bealaí Sábháilte chun na Scoile), Laura Tannian (Oifigeach Taistil na Scoileanna Glasa)

Tionscnaimh Sábháilteachta ar Bhóithre ar fud na cathrach agus an chontae

- Reáchtáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe dhá Imeacht Sábháilteachta ar Bhóithre le linn 2025 lenár gcomhpháirtithe sa nGarda Síochána agus i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Sa gcéad imeacht i mí Bealtaine, d'fhreastail 450+ scoláirí Idirbhliana ar an gClár Tarrthála in Leisureland a osclaíodh le timpiste bhóthair bhréige agus cás tarrthála.
- D'éirigh leo cur leis an imeacht i mí na Samhna nuair a d'fhreastail os cionn 700 scoláire ar fud na cathrach agus an chontae ar Ráschúrsa na Gaillimhe. Bhí an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an láthair freisin lena thointeáil idirghníomhach.

- Imeacht Idirghníomhach Sábháilteachta ar Bhóithre i Scoil Náisiúnta Thír Oileáin i mí Dheireadh Fómhair a chur cainteanna feasachta sábháilteachta ar bhóithre ar bun do dhaltáí rang a 3 agus rang a 5 – arís le tacaíocht ón nGarda Síochána, tacaíocht ar cuireadh fáilte mhór roimpi.

Scéim na Maor Scoile Sóisearach

Tá Scéim na Maor Scoile Sóisearach i bhfeidhm in Éirinn ó 1969 agus faoin scéim sin éascaítear do leanaí scoile bóithre a thrasnú go sábháilte. Tá ag éirí leis ó shin mar gheall ar dhíograis agus obair chrua gach a raibh páirteach ina chur i bhfeidhm agus mar gheall ar an gcomhoibriú idir iad, lena n-áirítear traenáilaithe an Gharda Síochána, príomhoidí scoile, múinteoirí, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus níos tábhachtaí fós, na daltaí iad féin a bhíonn ina Maoir. Tá trí scoil a éascaíonn do leanaí bóithre a thrasnú go sábháilte gach lá ag a scoil: Scoil Naomh Pádraig, Maigh Locha; Scoil Náisiúnta Naomh Muire, an Creagán, agus Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Ghártha.

Bronntar teastais ar gach dalta ag deireadh na scoilbhliana. Bíonn Comórtas Bliantúil ar siúl i mí Aibreáin gach bliain agus déanann foireann as gach scoil ionadaíocht thar ceann na scoile. Tá an comórtas urraithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Ba é Scoil Naomh Pádraig, Maigh Locha, buaiteoir foriomlán na bliana 2026!

Taispeántas Díchóimeála Carr na Seirbhíse Dóiteáin

Le linn Sheachtain um Sábháilteacht ar Bhóithre 2025, d'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe, Seirbhís Dóiteáin na Ceathrún Rua; Cosaint Shibhialta na Gaillimhe agus an Garda Síochána le chéile chun imeacht feasachta sábháilteachta ar bhóithre a bhí dírithe ar dhéagóirí a chur ar bun i Scoil Phobail Mhic Dara, Carna agus i gColáiste na bPiarsach, Ros Muc.

Bhí deis ag na scoláirí meánscoile, ar gearr a bheidh siad féin na dtiománaithe óga, taithí a fháil ar an méid a tharlaíonn ar shuíomh timpiste bóthair – bhí taispeántas díchóimeála carr ar siúl agus scaoileadh duine as an bhfeithicil. Bhí criú na Seirbhíse Dóiteáin agus na Cosanta Sibhialta ar an láthair, chomh maith leis an nGarda Síochána, a chur comhairle ar bhreis is 100 scoláire a bhí i láthair. Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo feasacht a ardú maidir leis an méid a tharlaíonn ar shuíomh teagmhais, agus táthar ag súil go gcuirfidh sé cosc ar thiománaithe óga amach anseo a bheith i dtimpistí bóthair, ar rímhinic a mbíonn gortú tromchúiseach nó bás mar thoradh orthu.

Traenáil Rothaíochta do Scoileanna Náisiúnta

Tá Clár Traenála Náisiúnta Rothaíochta, 'Cycle Right', i gcomhar le Rothaíocht Éireann agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar fáil do gach scoil náisiúnta i gCo. na Gaillimhe le linn na scoilbhliana. Cuirtear uasoiliúint ar fáil do rothaithe óga leis an traenáil agus tugtar leideanna dóibh maidir le rothaíocht shábháilte agus clogad a úsáid i gcónaí. Cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil do scoileanna a ghlacann páirt.

Tionscnamh 'Arrive Alive'

Molann tionscnamh 'Arrive Alive' Chomhairle Chontae na Gaillimhe gan bheith ag Téacsáil agus ag Tiomáint. Tá Coinneálaithe Dioscaí Cairr ar fáil saor in aisce do bhaill an phobail trína hOifigí Mótarchánacha nó trí Rannóg na mBóithre.

Imeacht Cothabhála Sábháilteachta Rothar

Le linn Sheachtain um Sábháilteacht ar Bhóithre 2025, cuireadh Imeacht Cothabhála Sábháilteachta Rothar ar siúl i Scoil Náisiúnta Naomh Breandán, Baile Locha Riach. Tugadh comhairle do thart ar 50 dalta maidir lena gcuid rothair a chothabháil - na coscáin, na boinn, na soilse, na gearanna, na frithchaiteoirí, an slabhra, na hanlaí, agus an cloigín a sheiceáil, chomh maith le clogaid agus trealamh sofheicthe a chaitheamh ar an mbealach ceart. Tugadh veisteanna shofheicthe, bandaí muinchille, málaí sreangáin sofheicthe agus soilse rothar saor in aisce do na daltaí ar an lá ionas go mbeidh siad le feiceáil agus go mbeidh neart solais acu ar a dturais!

Fócas ar Pháirtithe Leasmhara Sábháilteachta ar Bhóithre An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

Is iad an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) an phríomhghníomhaireacht maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre in Éirinn, a bhfuil sé mar aidhm acu bóithre na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte do chách. Ciallaíonn sé sin oibriú ar gach slí is féidir chun daoine a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na dtimpistí ar bhóithre na hÉireann a laghdú. Táimid aitheanta mar cheann de na heagraíochtaí is mó maidir le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn agus mar mhóreagraíocht go hidirnáisiúnta freisin. Tá an t-aitheantas seo bunaithe ar thaifead

láidir a bhaineann le hathrú dearfach a spreagadh i ndearcadh agus in iompar gach duine a úsáideann na bóithre, agus ag an am céanna comhoibriú go héifeachtach le go leor páirtithe



Comhpháirtíocht idir lámha – Taispeántas tarrthála a bhí ar siúl ag Ráschúrsa na Gaillimhe, ionad don Imeacht Tarrthála a reáchtáladh i gcomhpháirtíocht leis na Gardaí, na hÚdaráis Áitiúla agus an RSA.

leasmhara cosúil leis An Garda Síochána, Údaráis Áitiúla agus príomhpháirtithe eile chun daoine a shábháil.

Oibríonn Oifigigh um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre ar fud Chathair agus Chontae na Gaillimhe thar ceann an RSA, agus is é an ról atá acu ná príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta ar bhóithre a thabhairt do lucht féachana éagsúil - idir leanaí bunscoile agus oibrithe feirme - trí raon leathan feachtais, tionscnamh agus acmhainní idirghníomhacha agus spreagúla. Cuireann siad tacaíocht luachmhar ar fáil freisin do phríomhpháirtithe leasmhara a reáchtálann tionscnaimh sábháilteachta ar bhóithre dá gcuid féin, mar shampla na tionscnaimh a ritheann Comhairlí Cathrach agus Chontae na Gaillimhe agus an Garda Síochána i gcomhpháirtíocht lena chéile.

In 2025, gan trácht ar bhliain ar bith eile, d'éascaigh an RSA beagnach 130 feachtas nó imeacht ar leith i gCathair agus i gContae na Gaillimhe le breis agus 20,000 rannpháirtí.

Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla

Cuireadh le comhpháirtíocht agus comhoibriú pobail le déanaí trí Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil a bhunú i gCathair na Gaillimhe agus i gContae na Gaillimhe. Tugann an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil daoine den phobal, an earnáil dheonach agus pobail, seirbhísí reachtúla, agus comhairleoirí áitiúla le chéile chun saincheistean sábháilteachta pobail a aithint agus dul i ngleic leo go háitiúil. Beidh sé ina bhuntáiste mór fóram a bheith i ngach ceantar údaráis áitiúil chun saincheistean tosaíochta sábháilteachta ar bhóithre a aithint agus tionscnaimh leathana a chur ar fáil.

Comhráiteas thar ceann Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla Chathair agus Chontae na Gaillimhe

Cuireann na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla (LCSP) do Chathair na Gaillimhe agus do Chontae na Gaillimhe fáilte roimh fhoilsiú Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre Chathair agus Chontae na Gaillimhe 2026–2030. Is gné lárnach d'fholláine an phobail í sábháilteacht ar bhóithre, agus is ionann gach timpiste lena dtarlaíonn bás nó gortú tromchúiseach agus caillteanas domhain inchoiscthe do theaghlaigh, do chairde agus do chomharsanachtaí. Cuireann na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla guthanna pobail i gcroílár na pleanála sábháilteachta, agus aithnímid an ról ríthábhachtach atá ag an gcomhpháirtíocht chun dochar ar ár mbóithre a laghdú.

Tá an straitéis seo ag teacht go dlúth le prionsabail LCSP maidir le cosc, comhoibriú agus réiteach fadhbanna áitiúla, agus léiríonn sí ár dtiomantas do thacú leis an gcuspóir náisiúnta 'Fís an Nialais' deireadh a chur le básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre.

Soláthraíonn cur chuige an Chórais Sábháilte atá leagtha amach sa straitéis seo, a chlúdaíonn bóithre níos sábháilte, luasanna níos sábháilte, úsáid níos sábháilte ar bhóithre, freagairt iarthimpiste, taisteal gníomhach agus sábháilteacht feithiclí, creat láidir chun gach úsáideoir bóithre a chosaint. Trí na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla, tacóimid leis an obair seo trí rannpháirtíocht an phobail a neartú, tionscnaimh áitiúla a chur chun cinn, agus a chinntiú go ndéantar taithí úsáideoirí leochaileacha bóithre, daoine óga agus muintir na háite a mheas sa chinnteoireacht.

Teastaíonn freagracht chomhchoiteann chun na spriocanna uailmhianacha atá leagtha amach do Chathair agus Chontae na Gaillimhe a bhaint amach. Trí oibriú le chéile, tosaíocht

a thabhairt don tsábháilteacht, agus trí chumhacht a thabhairt do phobail ról gníomhach a ghlacadh, is féidir linn áiteanna níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos nasctha a thógáil le bheith i do chónaí, le hobair agus le taisteal iontu. Tá na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla bródúil as tacú leis an straitéis seo agus tá siad tiomanta i gcónaí cuidiú le Fís an Nialais a bhaint amach do Ghaillimh.



Comhpháirtíocht Sábháilteachta
Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe
Galway City Local Community
Safety Partnership

An Clr Neil McNelis, Cathaoirleach, LCSP Chathair na Gaillimhe

An Clr Andrew Reddington, Cathaoirleach, LCSP Chontae na Gaillimhe

Scútair leictreacha, rothair leictreacha agus rothair streachailte

Cuireann scútair agus rothair leictreacha bealach inbhuanaithe agus áisiúil chun taisteal ar fáil, go háirithe i gceantair uirbeacha, ach ní mór don tsábháilteacht teacht roimh gach rud eile. De réir mar a leanann úsáid scútair leictreacha ag fás, tá sé riachtanach go bhfanfadh úsáideoirí scútar, coisithe agus gach úsáideoir bóithre ar an eolas agus meas a bheith acu ar a chéile chun sábháilteacht gach duine a chinntiú. I suirbhé a rinne an RSA le déanaí ar úsáid scútair leictreacha, príomhthoradh i measc na ndaoine fásta go léir a ghlac páirt sa suirbhé ná go mbreathnaítear ar scútair leictreacha anois mar an cineál iompair is contúirtí in Éirinn, ag sárú gluaisrothair maidir le riosca.



Ní mór d'úsáideoirí scútair leictreacha:

- A bheith 16 bliana d'aois nó níos sine.
- Cloí le luasteorainn 20km/u.
- Tiomáint ar chlé. Tá cead ag úsáideoirí scútair leictreacha lánaí rothar nó bus a úsáid chomh maith le bóithre áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta.
- Soilse, clog nó gléas rabhaidh inchloiste, frithchaiteoirí agus coscáin a bheith ar a scútar leictreach agus ní mór é a choinneáil i riocht ródacmhainneach i gcónaí.
- Géilleadh do chomharthaí a thugann Garda nó maor scoile agus na rialacha céanna den bhóthar a bhaineann le rothaithe a leanúint, lena n-áirítear soilse tráchta, comharthaí bóthair, agus gach cineál trasrian coisithe.

Níl cead ag úsáideoirí scútair leictreacha:

- Cosáin, áiteanna do choisithe amháin ná mótarbhealaí a úsáid.
- Fón póca a bheith ina lámh acu ná ceann a úsáid.
- Suíochán a bheith acu ar an scútar leictreach.
- Paisinéirí a iompar (mar shampla, leanaí a iompar chun na scoile).
- Earraí a iompar (mar shampla, bia nó beartáin).

Mí-úsáid feithiclí leictreacha agus rothair streachailte a fhorfheidhmiú

Leanann An Garda Síochána de chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar úsáid mhídhleathach agus chontúirteach rothair streachailte, cuadrothair, rothair leictreacha agus scútair leictreacha. Soláthraíonn reachtaíocht cumhachtaí anois chun feithiclí mídhleathacha atá á n-úsáid in aon spásanna poiblí a ghabháil, a choinneáil agus a dhiúscairt.

Rothair streachailte: gluaisrothair easbhóthair agus cuadrothair a úsáidtear ar bhóithre agus i spásanna poiblí. Is minic a bhíonn siad gan árachas, neamhcheadúnaithe agus modhnaithe le haghaidh feidhmíochta; baint acu go minic le hiompar frithshóisialta, timpistí, agus damáiste do pháirceanna/spásanna glasa.

Scútair leictreacha: scútair leictreacha éadroma atá deartha do mhaoin phríobháideach nó le luasanna teoranta ach a úsáidtear go coitianta ar bhóithre poiblí/cosáin in ainneoin nach bhfuil siad dlíthiúil go ginearálta ar bhóithre poiblí in Éirinn (seachas trialacha údaraithe). Tá go leor acu faoi úinéireacht phríobháideach, neamhchláraithe agus níl soilsiú/frithchaiteoirí, coscáin agus rialáil luais chuí acu.

Rothair leictreacha: Is minic gur rothair leictreacha ardchumhachta, modhnaithe iad na rothair leictreacha seo a fhaigheann cúnamh cumhachta a sháraíonn teorainneacha cumhachta/luasteorainneacha dlíthiúla agus a fheidhmíonn go héifeachtach mar mhóipéidí/gluaisrothair gan clárú, árachas, cáin nó ceadúnas cuí.

Bearta atá á nglacadh

Oibríochtaí Gardaí: patróil spriocdhírthe, seicphointí agus oibríochtaí faoi stiúir faisnéise chun teacht ar rothair streachailte, scútair leictreacha agus rothair leictreacha mídhleathacha agus iad a ghabháil.

Rannpháirtíocht an RSA: feachtais eolais phoiblí a leagann béim ar stádas dlíthiúil scútair leictreacha faoi úinéireacht phríobháideach, treoir sábháilteachta d'úsáideoirí agus do choisithe, agus tacaíocht do roghanna eile níos sábháilte

Gníomhaíochtaí údaráis áitiúil: fodhlíthe a chur i bhfeidhm, feithiclí a bhaint de pháirceanna agus spásanna poiblí, socruithe stórála agus diúscartha a chinntiú; for-rochtain pobail agus bonneagar páirceála rothar slán chun gadaíocht a laghdú.



Seicphointe Gardaí / dinimiméadar Scútar

Cuid 5: Gníomhartha Sábháilteachta Bóthair

Colún 1 - Bóithre agus Taobhanna Bóithre Sábháilte

Gníomh	Beart	Príomhroinn nó Príomhghníomhaireacht	Freagracht	Dáta Críochnaithe	Roinn nó Gníomhaireacht Tacaíochta	Gníomhartha a glacadh
1	Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta bhlíantúil na n-oibreacha ar bhóithre réigiúna-cha agus áitiúla a chur i bhfeidhm, de réir an mhaoinithe agus an teorach a chuireann an Roinn Iompair ar fáil.	Údaráis Áitiúla	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Bliantúil	An Roinn Iompair (RI)	Oibreacha bliantúla a chríochnú faoi Ráithe 4 gach bliain.
2	Tacú le scéimeanna feabhsúcháin sábháilteachta ar bhóithre agus le mionscéimeanna athailínithe a chur ar fáil ar bhóithre náisiúnta, chun bóithre maithe, bóithre soiléire, agus timpeallacht shábháilte a chruthú d'úsáideoirí leochaileacha bóithre.	Údaráis Áitiúla	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Bliantúil	BIÉ	Clár comhaontaithe oibreacha a sheachadadh gach bliain.
3	Leanúint ar aghaidh le cruinnithe an Chláir chun Imbhuailtí a Chosc idir AGS agus foirne Bóithre Údaráis Áitiúla maidir le sábháilteacht ar bhóithre poiblí ar fud an chontae, agus an Clár a athbhunú sa chathair.	Údaráis áitiúla agus AGS	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre / Ard-Cheannfort	Bliantúil	An Roinn Iompair/ An Oifig um Bainistiú Bóithre (RMO)/ BIÉ	Cruinnithe rialta idir foireann an údaráis áitiúil agus AGS
4	Leanúint ar aghaidh ag críochnú foirmeacha Nós Imeachta Tuairiscithe agus Measúnaithe Imbhuailte ÚÁ 16 nuair a tharlaíonn bás, nó timpiste ar dócha go n-éireoidh sé tubaisteach.	Údaráis áitiúla agus AGS	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre / Ard-Cheannfort	De réir achar ama RMO	RMO/RI	Cruinnithe rialta idir foireann an údaráis áitiúil agus AGS

5	Plean tosaíochta na Comhairle maidir le tógáil agus cothabháil bóithre (Clár na mBóithre) a fhoilsiú/a uasdátú ar bhonn bliantúil.	Údaráis Áitiúla	Innealtóirí Sinsearacha - Bóithre	Bliantúil	RI/BIÉ/RMO	Ar bun
6	Leanúint ar aghaidh le huasghrádú soilsiú poiblí go caighdeáin chuí trí úsáid a bhaint as soilsiú LED chun léargas a fheabhsú agus sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí bóithre	Údaráis Áitiúla	Innealtóirí Sinsearacha - Bóithre	Bliantúil	BIÉ/RI	Ar bun
7	Tacú le cur chuige an chórais shábháilte a chur i bhfeidhm lena n-áirítear na co-incheapa maidir le Bóithre 'Taobhanna Maiteacha Bóithre' agus Bóithre 'Soiléire agus Rialaithe', i gcomhréir le treoir ón leibhéal AE agus ón leibhéal Náisiúnta, lena n-áirítear caighdeáin dearaidh agus oiliúint chuí.	RI/BIÉ/ÚNI	Innealtóirí Sinsearacha - Bóithre	Bliantúil	LA (ÚÁ)	Ar bun
8	Cuspóirí an Lámhleabhar Dearaidh Eorpaigh do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha agus an Lámhleabhar um Dhearadh Rothaíochta a mheas maidir le háiseanna feabhsaithe a chur ar fáil do choisithe agus rothaithe.	Údaráis Áitiúla / ÚNI	Innealtóirí Sinsearacha - Bóithre	Bliantúil	ÚNI/RI/BIÉ	Ar bun

9	Leas a bhaint as oil-iúint do dhearthóirí, bainisteoirí tion-scadail, innealtóirí ar Chur chuige an Chórais Shábháilte, Taobhanna Bóithre Maithe, Bóithre Féin-rialaithe agus Féinfhorfheidhmithe, Próiseas Athbhreithnithe maidir le Luasteorainneacha, Dearadh Bóithre, Dearadh Cosán, Measúnachtaí Tionchair ar Shábháilteacht ar Bhóithre, Anailís Imbhualtí, Iniúchadh ar Shábháilteacht ar Bhóithre, Innealtóireacht Sábháilteachta ar Bhóithre agus caighdeán dearaidh eile.	Údaráis Áitiúla	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Bliantúil	ÚNI/RI/BIÉ	Ar bun. Príomhréimse is ea oiliúint rialta do chriúnna agus don fhoireann theicniúil.
10	Mar chuid den Chlár Feabhsaithe Stadan-na Bus - obair leis an ÚNI chun feabhsuithe bonneagair a chur ar fáil ag stadanna bus	Údaráis Áitiúla / ÚNI	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Bliantúil	ÚNI/RI/BIÉ	Ar bun
11	Foirmeacha ÚÁ16 le líonadh de réir mar is gá agus le seoladh chuig RMO laistigh de 14 lá.	ÚÁ/AGS	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre / Ard-Cheannfort	Ar bun	BIÉ/RI	Le cur mar mhír ar an gclár oibre ag cruinnithe de RSTWG

Colún 2: Luasanna Sábháilte

12	Cur i bhfeidhm leanúnach na n-athruithe luasteorainneacha do bhóithre náisiúnta den dara grád agus do cheantair uirbeacha de réir threoir na Roinne Iompair/BIÉ. Feasacht faisnéise a chur san áireamh de réir mar is cuí.	An Roinn Iompair (RI)	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	De réir threoir na Roinne Iompair	Údaráis Áitiúla/ Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ)	Ar bun
----	--	-----------------------	----------------------------------	-----------------------------------	--	--------

13	Athbhreithniú luasteorainneacha a mheas don chontae agus don chathair, chun an reachtaíocht náisiúnta nua maidir le luasanna laghdaithe ar chatagóirí áirithe bóithre agus in áiteanna ar leith a léiriú freisin. (Ag brath ar an bplean feidhmithe)	BIÉ / Údaráis Áitiúla	Innealtóirí Sinsearacha - Bóithre	Ar bun	RI/An Garda Síochána (AGS)	Athbhreithnithe ar siúl go leanúnach agus rachaidh siad ar aghaidh le cur i bhfeidhm de réir mar is gá.
14	Úsáid iomlán a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil maidir le trealamh braite agus teicneolaíocht chumaisithe.	AGS	An Príomh-Cheannfort	Ar bun go dtí 2030	Údaráis Áitiúla / BIÉ	Córas ANPR, tástáil anáil-eadáin ar thaobh an bhóthair, seiceálacha luais le trealamh tarraingthe in úsáid go rialta.
15	Ceamaraí Sábháilteachta a chur isteach ag criosanna a bhfuil seans ann go dtarlódh timpistí	AGS	An Príomh-Cheannfort	Ar bun go dtí 2030	AGS	Ar bun - criosanna GoSafe méadaithe
16	Forbairt leanúnach ar an gCóras Aitheantais Uimhirphláta Uathobrithe	AGS	An Príomh-Cheannfort	Ar bun	AGS	Roinnt flíteanna curtha ar fáil leis an gcóras, níos mó le teacht.
17	Idirghabhálacha feasachta ar Luasanna Sábháilte a chur chun cinn agus tacaíocht phobail do chriosanna 30km.	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	Stiúrthóir - Comhpháirtíochtaí agus Gnóthaí Seachtracha	Ar bun go dtí 2030	AGS/ Údaráis Áitiúla/ CCMA	Cur chun cinn leanúnach trí na meáin shóisialta agus feachtais eile
18	Oideachas poiblí a chur ar fáil maidir le luas míchuí agus iomarcach ar gach bóthar le béim ar fheasacht agus ar chosaint úsáideoirí leochaileacha bóithre	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	Stiúrthóir - Comhpháirtíochtaí agus Gnóthaí Seachtracha	Ar bun go dtí 2030	AGS/ Údaráis Áitiúla	Cur chun cinn leanúnach trí na meáin shóisialta agus feachtais eile

Colún 2: Luasanna Sábháilte

19	Oifigeach Idirchaidrimh Teaghlaigh a cheapadh maidir le tacaíocht agus eolas a chur ar fáil i ndáil le timpistí bóthair marfacha agus tromchúiseacha.	AGS	An Príomh-Cheannfort	I bhfeidhm	AGS	Ar bun
----	---	-----	----------------------	------------	-----	--------

Colún 3: Freagairt Iarthimpiste

20	Tacú le clár na maor scoile trí oiliúint, tacaíochtaí breise de réir mar is gá, gearrchomhráite roimh obair, measúnuithe riosca.	Údaráis Áitiúla	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Ar bun	AGS/ Údaráis Áitiúla	Ar bun - maoir á n-earcú de réir mar is gá.
21	Ionchur luath in athbhreithniú ar iarratais phleanála maidir le hidirghníomhaíochtaí bóthair agus acomhal. Nascadh le foireann Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus an fhoireann Taistil Ghníomhaigh maidir le bearta chun cabhrú le soghluaisteacht inbhuanaithe agus sábháilteacht do choisithe agus rothaithe.	Údaráis Áitiúla	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Ar bun	ÚNI	Athbhreithnithe rialta idir-rannacha.
22	Feachtas Oideachais agus Feasachta a stiúradh ar úsáid críosanna sábhála	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	Stiúrthóir - Comhpháirtíochtaí agus Gnóthaí Seachtracha	Ar bun go dtí 2030	Údaráis áitiúla / AGS	Feachtais curtha ar aghaidh agus sonraí seolta chuig scoileanna
23	Iníúchtaí tacagraif ar fheithicil earraí troma a mhéadú	AGS	An Príomh-Cheannfort	Ar bun	Údaráis áitiúla / RSA	Seicphointí ilghníomhaireachta a chur i bhfeidhm go leanúnach

24	Oiliúint a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara oideachais maidir le húsáid Acmhainní Sábháilteachta ar Bhóithre an RSA	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	Stiúrthóir - Comhpháirtíochtaí agus Gnóthaí Seachtracha	Ar bun go dtí 2030	ÚÁ	Tionscnaimh leanúnacha le tacaíocht ón dá údarás áitiúil
25	Rannáin tiomnaithe um Shábháilteacht ar Bhóithre a fhorbairt ar Shuíomhanna Gréasáin na nÚdarás Áitiúil agus athbhreithnithe sceidealaithe a chur i bhfeidhm chun teacht le feachtais shéasúra-cha.	ÚÁ	Oifigeach/ Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre	Ar bun go dtí 2030	RSA/ AGS	I bhforbairt le feachtais sioncronaithe agus cur chun cinn a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.
26	Úsáid a bhaint as na meáin shóisialta mar an modh is éifeachtaí chun teacht ar lucht féachana níos mó.	ÚÁ	Oifigeach/ Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre	Ar bun go dtí 2030	RSA/ AGS	Mír rialta ar chlár oibre RSTWG
27	Cur chun cinn pobail na dtionscnamh Sábháilteachta ar Bhóithre a fheabhsú.	ÚÁ	Oifigeach/ Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre	Le seoladh Ráithe 4 2025	RSA/ AGS	Le seoladh i mbliana le spriocghrúpaí. Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht le RSTWG
28	Plean Cumarsáide bliantúil a fhorbairt le gach páirtí leasmhar RSTWG. Feachtais sna meáin áitiúla a thabhairt isteach	ÚÁ	Oifigeach/ Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre	Ar bun go dtí 2030	Páirtithe leasmhara RSTWG	Plean a fhorbairt do 2026 agus príomhréimsí a aithint agus gníomhartha a thabhairt amach.
29	Clár sábháilteachta ar bhóithre a chur chun cinn a bhaineann go sonrach le seandaoine, lena n-áirítear tiomáint, siúl agus rothaíocht shábháilte.	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	Stiúrthóir - Comhpháirtíochtaí agus Gnóthaí Seachtracha	Ar bun go dtí 2030	Údaráis Áitiúla/ FSS	Le forbairt i Ráithe 4 2025 - nasc a dhéanamh leis an gclár 'Mobility Matters'
30	Feachtais a chur chun cinn maidir le Freagracht Aonair agus an gréasán bóithre á úsáid	RSA/ Údaráis áitiúla	Stiúrthóir - Comhpháirtíochtaí agus Gnóthaí Seachtracha	Ar bun go dtí 2030	ÚÁ	Ag teacht le Dialann Bhlíantúil an RSA maidir le tion- scnaimh

31	Seachtain bhliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre a eagrú chun sraith imeachtaí áitiúla agus comhordaithe a chur i bhfeidhm chun feasacht a ardú	RSA/ Údaráis áitiúla	Stiúrthóir - Comh-pháirtíochtaí agus Gnóthaí Seachtracha	Bliantúil	AGS/ Údaráis Áitiúla	Nasc a dhéanamh le tionscnaimh RSA agus leathnú orthu siúd ar fud Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Athbhreithniú le RSTWG
32	Feasacht an phobail ar Phlean Cothabhála Geimhridh a ardú	ÚÁ	Innealtóirí Sinsearacha - Bóithre	Ar bun go dtí 2030	BIÉ/RI	Ar bun
33	Sonraí faoi oibreacha bóthair atá beartaithe le foilsiú chomh fada roimh ré agus is féidir	ÚÁ	Innealtóirí Sinsearacha - Bóithre	Ar bun go dtí 2030	BIÉ	Úsáid a bhaint as an suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta agus áitiúla.
34	Seicphointí éigeanta-cha tástála drugaí/ alcóil a mhéadú	AGS	An Príomh-Cheannfort	Ar bun		Leanúint ar aghaidh leis an gcuairt in airde maidir le minicíocht agus rathúlacht na seicphointí
35	Forfheidhmiú ard-infheictheachta a chur i bhfeidhm a dhíríonn ar iompar earráideach ag úsáideoirí bóithre	AGS	An Príomh-Cheannfort	Ar bun		Minicíocht mhéadaithe seicphointí tástála luais agus alcóil. Seicphointí ilghníomhaireachta agus idirghníomhaíochtaí le rothaithe, scútair agus coisithe

36	Seicphointí agus patróil faoi stiúir faisnéise a dhéanamh.	AGS	An Príomh-Cheannfort	Ar bun		Eolas, sonraí agus fianaise a bhailiú go córasach chun póilíneacht bóithre a fheabhsú. Athbhreithnithe rialta ar siúl.
37	Gach deis a thapú chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le húsáid shábháilte bóithre.	AGS	An Príomh-Cheannfort	Ar bun go dtí 2030	Údaráis áitiúla/ RSA	I measc na dtionscnamh ar éirigh go maith leo go dtí seo tá Seó Bóthair Tarrthála do dhaltai san idirbhliain, clár scoile agus fógraíocht áitiúil.
38	Feachtais spriocdhírthe sna meáin le linn tréimhsí ina mbíonn riosca ard ann.	AGS	An Príomh-Cheannfort	Ar bun go dtí 2030	RSA/ Údaráis áitiúla	Ailíniú le feachtais RSA agus daoine eile a chur chun cinn a bhfuil baint ar leith acu le ceantair áitiúla mar shampla, ceantair chósta agus feirmeacha/ bóithre tuaithe.

Colún 5: Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla

39	Leanúint ar aghaidh ag cur Bealaí Sábháilte chun na Scoile i bhfeidhm ar fud na cathrach agus an chontae, i gcomhar leis an ÚNI maidir le dearadh agus maoiniú. Áiseanna nua a chur chun cinn nuair atá siad ag feidhmiú.	An tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI)/An Taisce Bealaí sábháilte chun na scoile	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Ar bun	ÚÁ	Tógáil ar thionscadail a cuireadh ar fáil go rathúil agus obair le páirtithe leasmhara chun iad seo a fheabhsú ar fud na cathrach agus an chontae.
40	Leanúint ar aghaidh ag baint leas as an scéim Bonneagair Taistil Ghníomhaigh chun bonneagar taistil ghníomhaigh níos fearr a fhorbairt laistigh den Chathair agus den Chontae.	ÚÁ/ÚNI	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Ar bun	Ar bun	Tógáil ar thionscadail a cuireadh ar fáil go rathúil agus obair le páirtithe leasmhara chun iad seo a fheabhsú ar fud na cathrach agus an chontae. (Ag brath ar mhaoiniú)
41	Tacú le cuspóirí straitéiseacha Straitéis Iompair na Gaillimhe agus iad a chur i bhfeidhm, trí thacaíochtaí maoinithe ón Deontas Infheistíochta Taistil Ghníomhaigh /Deontais Mhaoinithe BusConnects agus sruthanna maoinithe eile, chun bonneagar taistil agus iompair phoiblí níos gníomhaí a fhorbairt laistigh den Chathair agus den Chontae.	ÚÁ	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Ar bun	ÚNI/BIÉ	Tógáil ar thionscadail a cuireadh ar fáil go rathúil agus obair le páirtithe leasmhara chun iad seo a fheabhsú ar fud na cathrach agus an chontae. (Ag brath ar mhaoiniú)

42	Clár Taistil na Scoileanna Glas-a a chur ar fáil go leanúnach	An Taisce	An Taisce	Ar bun	ÚÁ	Comhoibriú leanúnach ar imeachtaí sábháilteachta ar bhóithre. Tacú le hiniúchtaí Insiúltachta agus Rothaíochta.
43	Athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair imní a ardaíodh in iniúchtaí siúlóide nó rothaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu go tráthúil.	ÚÁ	Innealtóirí Sinsearach - Bóithre	Ar bun	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	Tuilleadh cumarsáide idir oifigigh an údaráis áitiúil agus An Taisce chun ábhar imní a aithint agus aghaidh a thabhairt air.
44	Oiliúint 'Cycle Right' a chur chun cinn i scoileanna	An Taisce	An Taisce	Ar bun	RSA/ Údaráis áitiúla	Leanúint ar aghaidh ag cur rothaíocht chun cinn mar mhodh tais-til sábháilte agus sláintiúil.

Colún 6 - Úsáid shábháilte bóithre a bhaineann le hobair

45	Clár sábháilteachta ar bhóithre 'Ag Tiomáint don Obair' a bhunú agus úsáid a bhaint as acmhainní atá ar fáil tríd an RSA	Údaráis áitiúla/ RSA	Oifigeach/ Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre/ Foireann an RSA	Ar bun	AGS	Mír rialta ar chlár oibre RSTWG, tionscnaimh a phleanáil idir Údaráis Áitiúla agus RSA. Athbhreithniú gach 6 mhí
46	Feachtas bliantúil um Chomaitéireacht Shábháilte a chur chun cinn	ÚÁ/RSA	Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre/ÚÁ/ RSA	Ar bun go dtí 2030	AGS	Úsáid a bhaint as acmhainní RSA agus clár a chur in oiriúint don Chathair agus don Chontae

47	Tionscnaimh a chur chun cinn chun caighdeáin agus eispéiris tiomána do thiománaithe gairmiúla a fheabhsú.	RSA/Údaráis áitiúla	Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre/ÚÁ/RSA	Ar bun go dtí 2030		Riachtanais oiliúna agus cláir atá ar fáil cheana do thiománaithe gairmiúla a scrúdú.
----	---	---------------------	--	--------------------	--	---

Colún 7 - Feithiclí Sábháilte

48	Eolas a chur ar thiománaithe faoi shábháilteacht na mbonn, faoi chothabháil agus faoi sheiceáil agus an feachtas náisiúnta a chur chun cinn.	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	Stiúrthóir - Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe	Bliantúil	AGS	Seachadadh leanúnach thar ardáin
49	An feachtas feasachta poiblí a chur chun cinn a chuireann eolas ar thiománaithe faoin tábhacht a bhaineann le feithiclí a choinneáil i riocht ródacmhainneach	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	Stiúrthóir - Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe	Bliantúil	AGS	Seachadadh leanúnach thar ardáin

50	Clár cuimsitheach cumarsáide a chur chun cinn chun eolas a thabhairt agus tionchar a imirt ar an bpobal agus ar pháirtithe leasmhara maidir le feithiclí nua agus athlámhe a cheanach lena n-áirítear: · Rátáil 5 réalta NCAP a chur chun cinn mar phríomhchinntitheach agus feithicil á ceanach nó á léasú, · Teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn agus oideachas a chur orthu i bhfeithiclí amhail: eCall, Córas Coscánaithe Frithghlasála Uathoibríoch (ABS), Stopadh Éigeandála, Imeacht Lána, · Áis ar líne a chur chun cinn chun stair tástála feithicle TNG nó CVRT a sheiceáil	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)	Stiúrthóir - Caighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú, Stiúrthóir - Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe	Bliantúil		Seachadadh leanúnach thar ardáin le hathbheithnithe rialta
----	--	--	--	-----------	--	--

Spriocanna Náisiúnta le deimhniú le céim 2 den Phlean Náisiúnta

Sa chuid seo, féachtar ar spriocanna do Straitéis na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2024 (GRSS) agus do Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre Chathair agus Chontae na Gaillimhe 2026-2030

Spriocanna Náisiúnta - le deimhniú le céim 2 den Phlean Náisiúnta

Baineadh úsáid as an tréimhse 2017 – 2019 mar bhunlíne chun spriocanna a shocrú sa GRSS. Ba iad na spriocanna laistigh den straitéis náisiúnta ná:

1. Laghdú 15% ar líon na mbásanna ar bhóithre faoi 2024
2. Laghdú 10% ar líon na ndrochghortuithe ar bhóithre faoi 2024
3. Laghdú 50% ar líon na mbásanna ar bhóithre faoi 2030
4. Laghdú 50% ar líon na ndrochghortuithe ar bhóithre faoi 2030

Spriocanna Áitiúla

Tá na rátaí do spriocanna áitiúla socraithe ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus bunaithe ar na meánrátaí don tréimhse 2019-2025. Tá na spriocanna seo a leanas leagtha síos ag Cathair agus Contae na Gaillimhe maidir le básanna nó gortuithe tromchúiseacha mar chuid den phlean seo.

1. Laghdú 15% ar líon na mbásanna ar bhóithre na Gaillimhe - in 2027
2. Laghdú 10% ar imbhualtí a mbíonn gortú tromchúiseach mar thoradh orthu ar bhóithre na Gaillimhe
3. Laghdú 50% ar líon na mbásanna ar bhóithre na Gaillimhe faoi 2030
4. Laghdú 50% ar imbhualtí a mbíonn gortú tromchúiseach mar thoradh orthu ar bhóithre na Gaillimhe faoi 2030





Feabhsuithe ar stadanna bus i Maigh Cuilinn

Cuid 6: Tionscnaimh Áitiúla



Maor Scoile Chomhairle Cathrach na Gaillimhe



Sa ghrianghraf: Maoir Scoil Naomh Pádraig, Maigh Locha, Deirdre Caulfield, an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Eamon Doyle, Breitheamh



Sa ghrianghraf: Buaiteoirí Chomórtas na Maor Scoile Sóisearach 2026 - Scoil Naomh Pádraig, Maigh Locha



Sa ghrianghraf: Maoir Scoil Náisiúnta Naomh Muire, an Creagán, Michael Kelly, Príomhoide, Eamon Doyle, Breitheamh, agus Deirdre Caulfield, an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre



Sa ghrianghraf: Maoir Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Ghártha, Helene Hanley, Príomhoide, Eamon Doyle, Breitheamh, agus Deirdre Caulfield, an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre



Sa ghrianghraf: Maoir Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Ghártha, Comhairleoir Micheál Ó Conghaile, Garda Oliver King (Ar scor), Barry Rogers (Breitheamh), Angela Haran (Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre), Deirdre Caulfield, (an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre), Cathaoirleah David Collins, Laura Tannian (An Taisce), Eamon Doyle (Breitheamh), Gard Karen Fitzgerald, Aidan Doherty (Príomhoide) agus Conor Fahy (Múinteoir).



Grianghraf: Daltaí na hIdirbhliana ó Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal ag cur veisteanna shofheicthe chun cinn d'úsáideoirí leochaileacha bóthair – tá veisteanna ar fáil do bhaill an phobail ar bhonn leanúnach, saor in aisce. Chomh maith leis sin sa ghrianghraf tá Hilary Vesey (Comhordaitheoir na hIdirbhliana) agus Deirdre Caulfield (an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre).



Grianghraf: Imeacht Cothabhála Sábháilteachta Rothar, Scoil Náisiúnta Naomh Breandán, Loughrea



Grianghraf: Daltaí ag tabhairt faoin gCúrsa Traenála Rothaíochta i Scoil Náisiúnta Lurga, an Gort, leis an múinteoir Aisling Moroney, an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre, Deirdre Caulfield, agus Traenálaí 'Cycle Safe' na hÉireann, Leroy Kulczynski – Meán Fómhair 2025



Deirdre Caulfield, an Oifigeach um Shábháilteacht leis an Sáirsint Tony Minter, An Garda Síochána.



Grianghraif ó imeachtaí éagsúla Chlár 'Lifesaver' a raibh timpiste bóthair bréige agus cás tarrthála i gceist leo.

Cuid 7: Tosca Ratha Tábhachtacha agus Measúnú Plean

Tá roinnt tosca ríthábhachtacha a ligfidh dúinn ár gcomhspricanna a bhaint amach. Áirítear orthu seo:

- Feachtais agus tionscnaimh nuálacha sábháilteachta ar bhóithre a fhorbairt agus a chur chun cinn a rachaidh i bhfeidhm go dearfach ar iompar úsáideoirí bóithre i gCathair agus i gContae na Gaillimhe.
- Tiomantas polaitiúil ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta
- Polasaí agus reachtaíocht atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go tráthúil.
- Comhroinnt éifeachtach sonraí agus comhoibriú thar na príomhpháirtithe leasmhara
- Nuálaíocht sa chaoi a ndéanaimid ár n-idirghabháil a dhearadh agus ár gcur chuige i leith comhpháirtíochta.
- Maoiniú riachtanach a chur ar fáil chun spriocanna a bhaint amach
- Bonneagar sábháilte, scoite a chur ar fáil chun aistriú córa iompair i dtreo taistil ghníomhaigh a éascú.
- Athrú iompraíochta de bharr idirghabhálacha forfheidhmithe, oideachais agus oiliúna
- Comhpháirtíocht thiomnaithe le dea-rialachas agus freagracht
- Tacaíocht phoiblí agus sna meáin dár n-idirghabhálacha agus gníomhaíochtaí

Mura mbaintear amach na tosca ratha ríthábhachtacha seo, is dócha go mbeidh bacainní suntasacha ar dhul chun cinn i ndáil lenár straitéis agus lenár bhfeidhmíocht iomlán maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

Déanfar pleananna gníomhaíochta do chéimeanna ina dhiaidh sin de Straitéis na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a mheas agus déanfar leasuithe ar ár straitéis a threorú de réir mar is cuí. Bainfidh úsáid as táscairí sprice agus feidhmíochta chun éifeachtúlacht a mheas agus chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus eolas nua.

Déanfar measúnú ar an gcomhstraitéis seo maidir le sábháilteacht ar bhóithre gach bliain ag an dá Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) ábhartha i gComhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe

- Comhairle Cathrach na Gaillimhe - CBS na Forbartha Oibriúcháin
- Comhairle Chontae na Gaillimhe - CBS um Fhorbairt Fhisiciúil, Iompar agus Seirbhísí Éigeandála

Breithneofar moltaí agus tuairimí a eascraíonn as gach athbhreithniú CBS ag an gCoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile roimh aon chomhaontú maidir le cur i bhfeidhm.

Nótaí

[illegible]





Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh,
H91 H6KX


✉ customerservices@galwaycoco.ie

☎ 091-509000

Galway County Council,
Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway,
H91 H6KX

🌐 www.Galway.ie

f GalwayCounty



Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste,
Gaillimh, H91 X4K8.
SeirbhisDoChustaimeiri@GalwayCity.ie

☎ (091) 536 400

✉ www.GalwayCity.ie

City Hall,
College Road,
Galway, H91 X4K8.
CustomerService@GalwayCity.ie

f @ d GalwayCityCouncil